

❖ An Lúibín ❖

26 Feabhra 2019

Podchraoladh: teangacha Bundúchasacha

Tá CV Rachel Nordlinger trom le teidil mhóra: is í Stiúrthóir an Aonaid Taighde um Theangacha Bundúchasacha i Scoil na dTeangacha agus Teangeolaíochta in Ollscoil Melbourne í agus í ina Príomhthaihdheoir freisin i Lárionad Sár-Léinn Chomhairle Thaighde na hAstráile um Dhinimic na dTeangacha. Tá a cuid taighde dírithe ar chuntas a thabhairt ar theangacha Bundúchasacha na hAstráile agus ar a bhfuil le tuiscint astu maidir le teoiricí faoi struchtúr teanga. Is fada í ag obair le pobail Bhundúchasacha ar an iargúil agus in áiteanna eile chun cuidiú leo a dteangacha a thaifeadadh agus a chothú.

Tá Nordlinger le cloisteáil ar an bpodchraoladh seo de chuid Philip Adams ón ABC:¹ [‘The genius of indigenous languages’](#).²

Pléann sí cuid de na rudaí is fearr léi sna teangacha seo — airíonna neamhchoitianta gramadaí, brí focal, na ceisteanna a tharraingítear faoi fhoghlaím agus faoi phróiseáil teangacha. Luann sí tábhacht an ghaoil fola agus an ghaoil chleamhnais in úsáid teanga, agus luann sí freisin an t-eolas ar an tír atá le fáil sna teangacha maidir le hainmhithe, plandaí agus séasúir. (Bhí timpeall 300 teanga ann – 700 cineál féin agus canúintí curtha san áireamh – agus bhí an t-ilteangachas coitianta. Úsáidtear cuid acu fós – Warlpiri, Yolngu Matha agus eile.) Ní mór sain-airíonna na dteangacha seo a aithint: is minic teoiricí teanga bunaithe ar theangacha Eorpacha.

Admhaíonn sí go bhfuil laghdú ag teacht ar líon na gcainteoirí i gcoitinne, ach deir sí gur fiú do gach duine a bhfuil suim aige i mbrí na daonnachta suim a chur sna teangacha seo. Ní mór dúinn a rá gur beag suim a chuireann muintir na tíre i dteangacha Bundúchasacha. Tá Nordlinger orthu siúd atá ag cuidiú le haird a tharraingt orthu os comhair an phobail chun go mbeadh meas orthu ina dtír féin.



Tír na Yolngu i dtuaisceart na hAstráile
Wikimedia Commons



Teangacha Tolkien

Údar, scoláire agus teangeolaí ba ea John Ronald Reuel Tolkien (1892 – 1973). In 1937 d’fhoilsigh sé *The Hobbit*, leabhar do pháistí a raibh díol measartha maith air; sna blianta 1954 agus 1955 d’fhoilsigh sé *The Lord of the Rings*, tríológ a tharraing clú mór air, go háirithe tar éis go ndearnadh scannáin díobh. Tar éis a bháis d’fhoilsigh a mhac Christopher an *Silmarillion* agus miotaseolaíocht ann a tarraingíodh as lámhscríbhinní Tolkien. Mar chuid den saol a cumadh sna leabhair seo faighimid teangacha a chruthaigh Tolkien féin. Bhí suim aige riamh i dteangacha agus chruthaíodh sé mar chaitheamh aimsire iad, agus dúirt sé fiú gur chum sé saol úd na lúcharachán agus na draíochta chun go mbeadh faill aige le teangacha an tsaol sin a úsáid.

1 ABC — Australian Broadcasting Corporation.

2 <https://radio.abc.net.au/programitem/pgOG2JaroG?play=true>

Orthu siúd atá fíorspéis acu sa tionscadal Tolkienach tá Helge Kåre Fauskanger, Iorruach a bhfuil suíomh idirlíon curtha ar bun aige le hómós don fhear mór: '[Ardalambion: Of the Tongues of Arda, the invented world of J.R.R. Tolkien](#)'.³

Deir Fauskanger: 'Though Tolkien's languages were made by one man who definitely knew what he was doing, they too have a history of change and evolution — even in two dimensions, both the (all too numerous) revisions made by Tolkien during his lifetime and the imaginary development inside the invented world'.

D'fhág idir theangacha Gearmánacha agus teangacha Ceilteacha a rian ar shaothar Tolkien. Minic go leor níl againn óna láimh ach abairt nó dhó i dteanga áirithe. Is é Quenya an teanga is iomláine dár chum Tolkien — teanga atá chomh fóna sin go bhfuil cúrsa le fail inti, a bhuíochas sin ar Fauskanger. Is féidir í a chur i gcomórtas le Esperanto féin, sa mhéid gur féidir forbairt leanúnach a dhéanamh uirthi. Chuimhnigh Tolkien uirthi mar theanga an-ársá ar tháinig teangacha eile de chuid Middle Earth ina hionad, mórán. Ach baineadh feidhm aisti fós mar theanga chultúrtha oilte sa saol draíochtach úd a chum an t-údar.

Mar a deir Fauskanger, mhaígh J. R. R. Tolkien agus é i láthair ag comhdháil in 1931 go raibh cumadh na dteangacha ina chineál aisteach ealaíne aige. (Féach 'A Secret Vice' in *The Monsters and the Critics*.) Bhí roinnt dánta mar léiriú aige ar an méid sin, trí cinn in Quenya agus ceann amháin in Noldorin.

Tá an cúrsa in Quenya le fáil anseo: <https://folk.uib.no/hnohf/qcourse.htm>. Is fiú freisin súil a thabhairt ar leathanach eile ar an suíomh céanna: <https://www.jrrvf.com/glaemscrafu/english/quenya.html>. Tá a lán samplaí de theangacha difriúla ann, idir nádúrtha agus saorga, cuid acu cruthaithe ag Tolkien agus taifeadaí fuaime ag roinnt leo go léir.

Agus, ar ndóigh, tá alt ar Wikipedia: <https://en.wikipedia.org/wiki/Quenya>. Déanfar leagan Gaeilge de i mbliana ar an Vicipéid.



An Ghaeilge agus an t-oidéachas

Tá Ollscoil na hÉireann (NUI) ag smaoineamh ar fháil réidh leis an riachtanas Gaeilge mar ábhar iontrála. Tá pas sa Ghaeilge riachtanach fós chun dul isteach i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, in Ollscoil Mhá Nuad agus in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Deir an NUI go bhfuil an t-athbhreithniú á dhéanamh de bharr na héagsúlachta a bhaineann leis na mic léinn. Tá an riachtanas Gaeilge i bhfeidhm ón mbliain 1913 i leith de bharr a ndearna Dubhghlas de hÍde agus Conradh na Gaeilge chun an teanga a neadú sa chóras oideachais, rud a thugann léargas éigin ar dhoicheadh an Chonartha roimh dhearcadh NUI. Bua stairiúil ba ea athréimniú úd na Gaeilge agus bhuaifeadh an athchomhairle buille géar ar ghaisce stairiúil an Chonartha.

Sásaíonn formhór na mac léinn an riachtanas tríd a gcloigeann a phulcadh lena oiread Gaeilge is a thabharfadh tríd an scrúdú iad, agus sin deireadh an scéil acu. Céard is fiú an riachtanas, mar sin? Píosa breá siombaileachais é, gan dabht, ach ní dhéanann sé ach laige na Gaeilge sna scoileanna a cheilt.

Tá oideachas trí Ghaeilge ann i gcónaí, ar ndóigh, cuid de le fáil sa Ghaeltacht agus cuid níos mó sna cathracha, go háirithe i mBaile Átha Cliatha agus ina thimpeall. Tá beagán os cionn 5% de dhaltaí na hÉireann, thuaidh agus theas, ag fáil oideachas lán-Ghaeilge. Sin 63,594 duine as an 1.2 milliún dalta a bhí ag fáil oideachas bunscoile nó iarbhunscoile in 2018. Tá a scéal féin ag an Tuaisceart: fuair 5,261 dalta oideachas lán-Ghaeilge ann in 2018 (1.7% den iomlán) agus is cosúil go rachaidh an líon sin i méid.

Sa Phoblacht tá (nó bhí le déanaí) 58,333 dalta i scoileanna lán-Ghaeilge. Is beag borradh a tháinig ar líon na ndaltaí sin le tamall de bhlianta anuas. Tá an t-éileamh ann ach níl na scoileanna nua ann, go háirithe ag an dara leibhéal.

Mar is eol dúinn (agus é pléite cheana anseo), rinne Aontas Múinteoirí Éireann suirbhé i measc príomhoidí agus leas-phríomhoidí agus fuair amach gur múinteoirí Gaeilge ba dheacra a earcú. Múinteoirí Matamaitice, Fraincise, eacnamaíochta

3 <https://folk.uib.no/hnohf/>

baile agus Spáinnise a bhí ag teastáil in ord ganntanais ina dhiaidh sin. Tá pá níos lú ag múinteoirí a earcaíodh ón mbliain 2011 i leith agus is mó an mealladh atá i bpoist eile dá bharr.

Seo figiúirí a bhaineann le scolaíocht trí Ghaeilge agus iad bunaithe ar scagadh a rinne *Tuairisc.ie*.⁴

- Bunscoileana sa Ghaeltacht: **2016** - 7,341 dalta in 102 scoil; **2017** - 7,389 in 101 scoil; **2018** - 7,344 dalta in 100 scoil.
- Bunscoileana lasmuigh den Ghaeltacht: **2016** - 36,784 in 146 scoil; **2017** - 37,234 dalta in 147 scoil; **2018** - 37,934 dalta in 147 scoil.
- Iarbhunscoileana sa Ghaeltacht: **2016** - 3,004 dalta in 20 scoil; **2017** - 3,050 dalta in 20 scoil; **2018** - 3,065 dalta in 21 scoil.
- Iarbhunscoileana lasmuigh den Ghaeltacht: **2016** - 9,414 dalta in 28 scoil; **2017** - 9,731 dalta in 28 scoil; **2018** - 9,990 dalta in 28 scoil.

Is léir uaidh seo go bhfuil formhór mór na ndaltaí le fáil lasmuigh den Ghaeltacht agus go bhfuil méadú mall ag teacht ar a líon. Bhí laghdú beag ar an líon daltaí bunscoile sa Ghaeltacht agus méadú beag orthu siúd atá ag freastal ar an dara leibhéal. Ba chóir dúinn inní a bheith orainn faoina laghad sin scoileana lán-Ghaeilge a bheith ann lasmuigh den Ghaeltacht, ós astu sin a thiochfaidh Gaeilgeoirí an ama atá le teacht. Is mór an mhoill atá ar bhunú gaelscoileana nua faoi láthair, cé gur gearr ó chuir an Roinn Oideachais in iúl go mbeadh dhá bhunscoil lán-Ghaeilge (sa Charraig Dhubh agus i Maigh Nuad) i measc an dá bhunscoil déag nua a fógraíodh. Gealladh gurbh fhusa scoileana lán-Ghaeilge a bhunú feasta.

Ba dheacair ag an bpointe seo gan tagairt a dhéanamh do cheist aimhréiteach na Gaeilge sna scoileana lán-Bhéarla. Is liosta le háireamh na cúiseanna a luaitear le teip na Gaeilge éigeantaí. Curaclam caltha nach ligeann do dhaltaí an chaint a chleachtadh; modhanna sean-fhaiseanta teagaisc; múinteoirí nach bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu; an dearcadh diúltach a thugann daltaí isteach sa scoil leo; an bhéim a chuirtear ar an scrúdú sna blianta deireanacha seachas ar líofacht; leibhéal dhifriúla chumais sa teanga ag daltaí bunscoile agus gan cead ag na múinteoirí iad a mhúineadh dá réir.

Tá fear ann a bhain amach duais oideachais de chuid an AE de bharr a ndearna sé maidir le múineadh na Gaeilge. Tá Portaingéilis agus Spáinnis ag Seán Gréif agus (ar ndóigh) Béarla. D'fhoghlaim sé Portaingéilis sa Bhrasail agus é ina chónaí ar an iargúil, ag seilg agus ag iascaireacht; d'fhoghlaim sé Spáinnis i bPatagóin na hAirgintíne agus é ina threoraí ar na sléibhte. Thosaigh sé ag smaoinemh ar an easpa cumais i nGaeilge a bhí ar an oiread sin Éireannach tar éis an teanga a fhoghlaim ar scoil gach lá scoile ar feadh dhá bhliain déag. D'fhreastail sé féin ar ghaelscoil agus bhí múinteoir maith Gaeilge aige sa mheánscoil, ach níor éirigh leis líofacht a bhaint amach go dtí go ndearna sé staidéar ar an nGaeilge in UCD agus é ag baint leas as an gcuideachta a fuair sé roimhe ann.

In agallamh leis an *Irish Examiner*, dúirt Gréif go bhfuil sé de nós ag daoine an milleán a chur ar mhodhanna múinteoireachta nó ar an múinteoir féin agus iad ag caint ar 'fhadhb' na teanga sna scoileana. Tá siad ar lorg fuascailt amháin ach níl a leithéid ann, toisc nach bhfuil cineál amháin foghlaimeora ann. Tá a mheon féin agus a bhealach foghlama féin ag gach dalta. Ní hionann cás do gach ball de rang.⁵

Níl sé chun droim láimhe a thabhairt le téacsleabhair agus rialacha gramadaí. Ach bhí fonn air na háiseanna sin a úsáid in éineacht le modhanna eile. Rinne sé beart de réir a bhriathair agus bhunaigh Moontour, lárionad eachtraíochta i nDún Laoghaire a sholáthraíonn cúrsaí Gaeilge agus baintear leas as ióga, spóirt uisce, grianghrafadóireacht agus eile chun go gcleachtadh daoine óga an teanga trí rudaí a mbaineann siad sult astu. Beatha duine a thoil. D'fhéadfaí múineadh na Gaeilge sna scoileana a athscrúdú i bhfianaise a bhfuil déanta aige.



4 <https://tuairisc.ie/leargas-ar-staid-an-oideachais-lan-ghaeilge-i-bhfigiui-ri-nua/>

5 <https://www.irishexaminer.com/breakingnews/lifestyle/features/speaking-up-for-new-ways-to-learn-the-irish-language-905685.html>

Scéimeanna agus pleananna

Tá an t-iarchoimisinéir Teanga Seán Ó Cuirreáin tar éis a mhaíomh nach bhfuil biseach i ndán don Ghaeilge sa Ghaeltacht nó go n-admhófar go hoifigiúil go bhfuil géarchéim ann. Luadh a chuid cainte in *Tuairisc.ie* mar a leanas: 'Tá an baol ann go mbeidh an Ghaeilge ina Zombie-language, nó Zombaítheanga, gan í beo ná marbh, má scaoiltear le meath na Gaeltachta'.⁶

Rinne an Cuirreánach tagairt do chás na Gaeilge i gcoitinne — an laghdú 10% a tháinig ar lucht éisteachta RTÉ Raidió na Gaeltachta idir 2014-2018 agus an laghdú a tháinig ar lucht féachana TG4, iad gan bogadh os cionn 2%. Luaigh sé freisin laghad na múinteoirí atá in ann Gaeilge a mhúineadh nó ábhair eile a mhúineadh trí Ghaeilge, an tanú atá déanta ar Ghaeilge na hArdteiste agus laghad na ndaltaí a fhaigheann scolaíocht trí Ghaeilge.

Tá sé den riachtanas go ndéanfaí iniúchadh neamhspleách ar phleananna agus ar scéimeanna teanga más fúinn a fháil amach dáiríre ar éirigh leo nó nár éirigh. An rud a thomhaistear déantar é.

Is fíor nach mór an cháil atá ar phleananna agus scéimeanna mar uirlisí chun an teanga a chur ar bhealach a leasa. Cur i gcéill agus sop in áit na scuaibe na habairtí is luaithe a rithfeadh i do bhéal agus scéimeanna Gaeilge á gcíoradh agat. Mar sin féin, ní gá go mbeidís go léir gan fiúntas. Agus tá plean mór, mar is gnách, ag an rialtas — an Plean Gníomhaíochta 2018–2022. Déanfar taighde in 2019 ar conas is féidir an páirt-tumadh a chur i bhfeidhm sna scoileanna agus deis a thabhairt do dhaltaí ábhair a fhoghlaim trí Ghaeilge. Cuirfear an Clár Foghlama Comhtháite Ábhar agus Teangacha i bhfeidhm i scoileanna áirithe idir 2019–2021 agus cuirfear plean cuimsitheach náisiúnta don luathoideachas Gaeilge ar bun. Is deacair, áfach, a thuiscint conas is féidir leas a bhaint as an bplean nuair nach féidir leis an gcóras a dhóthain múinteoirí le Gaeilge a sholáthar.

Mar sin féin, ba mhór an scéal é ar a lán slite gur ceapadh an Dr Victor Bayda, scoláire ó Mhoscó a bhfuil Gaeilge ar a thoil aige, ina Oifigeach Pleanála Teanga in Uíbh Ráthach. (Tá a lán teangacha aige cheana agus scoth an Bhéarla aige.) Cruthaíonn a leithéidí, i Moscó agus in áiteanna eile, gur teanga idirnáisiúnta í an Ghaeilge i ndáiríre. Is dóigh leis go bhfuil maith éigin le fáil sa phleanáil chéanna. Mar a deir sé féin:

Is beag an méid airgid a thugtar dó agus ón méid a chloisim is deacair a chur ina luí ar na húdaráis go gcaithfear rudaí áirithe a athrú. Ach mar sin féin, feiceann muid gur i dtreo cineál Laidine a dhéanamh den Ghaeilge a bhí seanpholasaithe an stáit. Ní féidir í a choinneáil beo gan toil an phobail. Agus ní chreidim nach féidir an toil chéanna a mhúscailt.


Tá mír de chuid RTE anseo: <https://www.rte.com/news/452071-russian-man-reviving-irish-language/>. Déarfadh a lán go bhfuil sé ag snámh in aghaidh na tuile: scata beag a labhraíonn an Ghaeilge in Uíbh Ráthaigh anois agus tá an daonra ag titim. Rath ar an obair, mar sin féin.



6 <https://tuairisc.ie/zombie-language-a-bheidh-sa-ghaeilge-ma-leantar-ag-seanadh-ghearcheim-na-gaeltachta-o-cuirreain/>

An Timpeallacht

Oighearaoiseanna



An Domhan reoite
Wikimedia Commons

Ba cheart dúinn súil a bheith againn le hoighearaois nua i gceann 1,500 bliain nó mar sin. Achar ghearr é sin de réir scála an ama gheolaíoch. Ach b'fhéidir nach dtosódh sé anois go ceann 500,000 bliain de thoradh an téimh dhomhanda.

Thit breis is caoga oighearaois amach thar bhreis is dhá mhilliún bliain. In 1941 mhaígh Milutin Milanković gur athraíonn longadán i bhfithis an Domhain an chaoi a ndáiltear fuinneamh na gréine ar dhromchla an phláinéid, rud is bun leis na timthriallta oighearaoiseacha. Ligeann an meán-teocht ag domhanleithead 65° thuaidh, díreach laisteanas den Artach, don oighear carnadh de réir a chéile nó go ndéantar oighearchlúid.

Tá baint aige seo le trí rud a fhágann lorg ar fhithis an Domhain: éalárnacht, sceabhacht agus luainíocht.

Éalárnacht: seo an cruth atá ar **fhithis an Domhain** agus é ag dul timpeall na gréine — fithis a athraíonn ó shaghas ciorcail go héilips ar feadh timpeall 96,000 bliain.

Sceabhacht: seo an claonadh atá ar **ais rothlaithe an Domhain** i dtaca le plána a fhithise, rud a athraíonn ar feadh timpeall 41,000 bliain.

Luainíocht: an **rothlú** a dhéantar ar fhithis agus ais rothlaithe an Domhain — tagann timthriall timpeall 21,000 bliain de seo agus den éalárnacht.

Téann an sceabhacht i bhfeidhm ar na domhanleithid arda agus fágann an luainíocht lorg ar na séasúir thrópaiceacha. Ach aithnítear nach gcuireann athrú na fithise tús le haoighearaoiseanna, cé go bhfuil tionchar aige orthu; ní mór 'aischothú aeráide' a chur san áireamh. Fágann an t-aigéan, an t-atmaisféar agus frithchaitheamh solais ón oighear a rian ar an aeráid, agus tá tábhacht ar leith le gáis ceaptha teasa. Fuair taighdeoirí amach gurbh éigean don mhéid dhé-ocsaíd charbóin san atmaisféar a bheith íseal go leor sula mbeadh sé fuar a dhóthain i gcomhair oighearaoise.

Rud coitianta anois é tagairt a dhéanamh don 'antrapaigéin' — ré a thosaigh nuair a thosaigh daoine ag dul i bhfeidhm ar an aeráid agus ar éiceachórais. Maítear gur tharla sin tuairim is 8,000 bliain ó shin de thoradh na feirmeoireachta agus dá bhrí sin gur stad méadú na ngás ceaptha teasa de thimthriallta Milanković a leanúint. Áitítear freisin gur mhéadaigh ar astú na ngás úd de thoradh shaothrú forleathan na ríse san Áise agus leagan na gcoillte san Eoraip. Rinneadh na haigéin a théamh i dtreo nach raibh siad chomh maith sin a thuilleadh chun dé-ocsaíd charbóin a stóráil.

De réir na fianaise eolaíche atá againn, leanfaidh an Domhan air ag téamh fiú má chuirimid deireadh le hastú na ngás ceaptha teasa amárach. Beimid ag tnúth leis an oighear.

Féach

<https://theconversation.com/ice-ages-have-been-linked-to-the-earths-wobbly-orbit-but-when-is-the-next-one-70069>

Mura mian leat An Lúibín a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.
If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au.